Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2016

Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

Tascanna i Staidéar Bia (20% de na Marcanna Iomlána)

Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí

- Tá na tascanna céanna le déanamh don Ardleibhéal agus don Ghnáthleibhéal araon.
- Ní mór do gach iarrthóir (Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil*)* taifead de **chúig** thasc a chríochnú agus a chur i láthair le haghaidh scrúdaithe.
- Maidir le Réimsí Cleachtais, ní mór d'iarrthóirí an méid seo a leanas a chur i gcrích:
  Réimse A – Tasc amháin,
  Réimse B – Tasc amháin,
  Réimse C – Tasc amháin,
  Réimse D – Tasc amháin,
  Tasc amháin eile as Réimse Cleachtais A **nó** Réimse Cleachtais E.
- Ní mór d'iarrthóirí an taifead ar gach tasc a chur i láthair san iris oifigiúil don Obair Chúrsa i Staidéar Bia atá eisithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
- Is é an **2 Samhain 2015** an spriocdháta chun obair chúrsa a bheith críochnaithe.
- Ba chóir do gach iarrthóir ***Bunriachtanais Obair Chúrsa i Staidéar Bia*** ar leathanach a ceathair den doiciméad seo a léamh.

Réimse Cleachtais A: Feidhmiú Prionsabal Cothaitheach

Tasc 1

Tá feasacht ar chothú agus cur chuige dearfach i leith bia sláintiúil ina dtosca tábhachtacha do dhaoine óga a ghlacann páirt i spórt gníomhach.

Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do dhaoine óga a ghlacann páirt i spórt gníomhach.
Agus tú ag tagairt do na tosca atá aitheanta agat sa taighde, mol réimse biachlár dhá mhias a bheadh oiriúnach mar phríomhbhéile an lae do ghrúpa daoine óga mar seo.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann de na príomhchúrsaí a d'fhiosraigh tú.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.

2016

Tasc 2

De réir mar a théann daoine in aois tagann meath nádúrtha ar mhais agus ar neart na matán. Ach, fágann easpa próitéine in aiste bia seandaoine go gcailltear meáchan coirp agus mais na matán níos tapúla agus ar bhealach neamhbheartaithe.

Agus tú ag tagairt don ráiteas thuas, déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil chun cailliúint mhais na matán a chosc/a laghdú agus chun meáchan sláintiúil coirp a chaomhnú.
Agus na cúinsí seo á gcur san áireamh agat, pleanáil agus déan biachlár **aon** lae amháin (trí bhéile agus sneaiceanna) don ghrúpa seo daoine.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar an príomhchúrsa de phriomhbhéile an lae.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.

2016

Réimse Cleachtais B: Ullmhúchán Bia agus Próisis Chócaireachta

Tasc 3

Meaisíní ilúsáide iad próiseálaithe bia a laghdaíonn an dua a bhaineann le mórán tascanna ullmhaithe bia.

Déan taighde ar phróiseálaithe bia leictreacha maidir le gach ceann acu seo a leanas:

- na cineálacha difriúla atá ar fáil (cineálacha, gnéithe, brandaí, costas)
- úsáidí, i.e. feidhmeanna difriúla
- miasa/bianna a dtagann laghdú suntasach ar a n-am ullmhúcháin nuair a úsáidtear phróiseálaí bia
- na príomhphointí a bhaineann lena n-úsáid.

Agus lántairbhe á baint agat as próiseálaí bia, ullmhaigh, cócaráil agus riar do rogha mias neamh-mhilis.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** na buntáistí a bhaineann le húsáid a bhaint as próiseálaí bia.

2016

Réimse Cleachtais C: Teicneolaíocht an Bhia

Tasc 4

Tá níos mó suime ag daoine i mbácáil sa bhaile ó tháinig éileamh ar an 'Tae Beag'.

Sainaithin réimse táirgí difriúla (bianna/miasa) a bhfuil éileamh orthu i láthair na huaire agus ar féidir iad a riar mar chuid den tae beag.
Fiosraigh **dhá** theicníc/mhodh a úsáidtear sa bhácáil ag baile agus mínigh na bunphrionsabail a bhaineann le gach ceann acu.
Ag baint úsáide duit as ceann **amháin** de na teicnící/modhanna a fiosraíodh, ullmhaigh agus bácáil táirge **amháin** a bheadh oiriúnach le riar ag tae beag. Déan cur síos ar an tslí a riarfá an mhias/táirge.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú, **(b)** le praiticiúlacht na bácála ag baile agus **(c)** costas na bácála ag baile i gcomparáid le táirge cosúil leis a cheannófá i siopa.

2016

Réimse Cleachtais D: Miasa a léiríonn Airíonna Bia

Tasc 5

Mar gheall ar an iliomad airíonna a bhaineann leis, úsáidtear siúcra go coitianta i miasa milse agus neamh-mhilse araon.

Déan taighde ar airíonna siúcra agus ar an úsáid a bhaintear as sa chócaireacht mar gheall orthu. Mínigh na bunphrionsabail eolaíochta a bhaineann leo.
Liostaigh miasa a léiríonn an úsáid a bhaintear as gach airí.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa a d'fhiosraigh tú ina bhfuil siúcra mar phríomh-chomhábhar.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** leis an gcaoi ar éirigh leat an airí/ na hairíonna a roghnaíodh a chur i bhfeidhm agus an mhias á hullmhú.

2016

Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach agus Anailís Chéadfach san áireamh inti

Tasc 6

Dear agus déan táirge simplí a bheadh oiriúnach le díol ag margadh bia/contae áitiúil. (Samplaí de na táirgí a bheadh oiriúnach ná múslaí, anlainn, imeanna faoi bhlaistiú, táirgí bácáilte, subha, etc.)

Déan taighde ar **thrí** tháirge éagsúla a bheadh ag teacht leis na treoracha thuas agus déan cur síos ar gach ceann acu.
Ba chóir do do ghrúpa táirge **amháin** a roghnú lena fhorbairt agus tabhair na fáthanna le rogha an ghrúpa. Cuir sonraíochtaí an táirge ar fáil a léiríonn cén chuma agus cén blas ba chóir a bheith ar an táirge. (Úsáid 6 airí).
Déan an táirge. Déan **tástáil rátála thuairisciúil** ag baint úsáide as scálaí líne nó léaráidí réalta. (Úsáid na 6 airí chéanna a úsáideadh thuas.) Tiomsaigh próifíl chéadfach don táirge a rinneadh.
Déan measúnú ar an tasc i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** le mionathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun freastal ar shonraíocht an táirge.

2016

Bunriachtanais Obair Chúrsa i Staidéar Bia

1. Ba chóir an obair chúrsa phraiticiúil atá déanta a thaifeadadh, de réir an struchtúir atá leagtha síos, san iris oifigiúil atá eisithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit. **Ná cuir isteach aon ábhar breise agus na déan na línte a fhoroinnt. Is é an t-ábhar a chuirtear i láthair ar leathanaigh na hirise féin amháin a mharcálfaidh na Scrúdaitheoirí.**

2. Ní mór do gach iarrthóir a (h)uimhir USPP agus uimhir rolla na scoile a chur ar chlúdach na hirise sin.

3. Maidir le gach tasc a mbaintear triail as, ní mór d'iarrthóirí:

(a) an réimse cleachtais agus uimhir an taisc a thaifeadadh

(b) tuairisc a thabhairt ar an obair chúrsa atá curtha i gcrích maidir le gach tasc agus úsáid á baint as na ceannteidil atá leagtha síos, ar a dtugtar "*Critéir Thaifeadta*" mar atá leagtha amach ar an gclúdach laistigh den iris sin.

4. Maidir leis an gcomhpháirt *Feidhmiú Praiticiúil* de na tascanna, caithfidh na miasa atá roghnaithe:

- **riachtanais an taisc a shásamh agus iad a bheith sainaitheanta i bhfiosrúchán an taisc**
- **gan a bheith triailte ach aon uair amháin; ní féidir miasa a dhéanamh faoi dhó, nó iad a mhionathrú agus a dhéanamh faoi dhó i dtascanna éagsúla**
- **úsáid bianna úra a chuimsiú agus ró-úsáid bianna áise a sheachaint**
- **a chur ar chumas an iarrthóra a scileanna eagrúcháin, láimhsithe agus cruthaitheacha a fhorbairt agus a fhairsingiú maidir le bia a ullmhú, a chócaráil agus a chur i láthair.**

Caillfear marcanna mura gcomhlíonfar na coinníollacha thuas.

5. Obair an iarrthóra amháin is cóir a bheith i ngach Iris san Obair Chúrsa Phraiticiúil i Staidéar Bia a chuirtear isteach le haghaidh measúnachta (agus é sin dearbhaithe ag an iarrthóir agus ag an múinteoir ranga). Ní mór ábhair thánaisteacha ar bith a úsáidtear (e.g. leabhair, irisí, suímh ghréasáin, etc.) a admháil.

6. Ní mór d'iarrthóirí an obair phraiticiúil ar fad a chur i gcrích laistigh d'am teagaisc ranga agus faoi stiúir an mhúinteoir ranga san Eacnamaíocht Bhaile. Ní ghlacfar le taispeántas múinteora. Ba chóir gach obair irise a dhéanamh faoi stiúir an mhúinteora ranga san Eacnamaíocht Bhaile. Mura ndéantar an obair chúrsa faoi stiúir an mhúinteora, ní bheidh sé/sí ábalta an obair a dheimhniú mar obair a rinne an t-iarrthóir féin amháin nuair a iarrann Coimisiún na Scrúduithe Stáit air/uirthi é sin a dhéanamh.

7. Is ceadmhach d'iarrthóirí dul i mbun obair phraiticiúil a bhaineann le tasc ina mbeirteanna nó, i gcás Réimse Cleachtais E, ina ngrúpaí**. Obair an duine aonair, áfach, is cóir a bheith sa chuntas taifeadta scríofa ar an tasc. Ní ghlacfar le cóipeáil dhíreach ábhair ó fhoinsí eile, seachas tagairtí riachtanacha, e.g. sainmhínithe. I gcás go mbíonn fianaise ann ar chomhoibriú i dtaifeadadh aon ghné den tasc, dícheadófar na marcanna ar an obair thaisc a cuireadh i láthair.**

8. I gcás nach féidir a dhearbhú gur obair aonair de chuid an iarrthóra féin í an obair thaisc, déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit beart cuí dá réir. Is é a thoradh seo go minic ná go gcinnfear go bhfuil an obair a cuireadh i láthair neamhbhailí agus nach n-áireofar na marcanna a bronnadh ar an obair nuair a bhíonn an toradh móriomlán á chinneadh.

9. I gcás go mbíonn amhras ar bith ann maidir le cóipeáil, cúnamh míchuí ó aon pháirtí eile, bradaíl nó soláthar oibre atá ullmhaithe ag páirtí eile, déanfar é seo a fhiosrú agus tá sé dlite gur féidir pionós a chur ar iarrthóir faoi mar atá leagtha amach sna Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna. **Ar na pionóis sin áirítear cailliúint an ábhair nó cailliúint an scrúdaithe sna hábhair go léir go huile is go hiomlán, nó a bheith toirmiscthe ar na Scrúduithe Teistiméireachta a dhéanamh sna blianta ina dhiaidh sin.**
Is féidir go mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha ann d'aon pháirtí eile a mbíonn baint aige/aici le cúnamh míchuí a thabhairt d'iarrthóir, toisc go bhfuil soláthar déanta san Acht Oideachais 1998 do chionta áirithe coiriúla maidir le reáchtáil na scrúduithe.

10. Tá múinteoirí agus údaráis na scoileanna ar an eolas maidir leis na riachtanais atá ann a dheimhniú go mbíonn obair chúrsa phraiticiúil bailí chun críche scrúdaithe. Ba chóir d'iarrthóirí cloí go hiomlán le gach iarratas a dhéanann siad sin agus é mar sprioc acu a bheith in ann a dhearbhú gur leis an iarrthóir féin amháin an obair a chuirtear isteach le haghaidh scrúdaithe.

Is ar an iarrthóir atá an fhreagracht cloí le riachtanais an scrúdaithe. Mura gcloítear leis na riachtanais thuas, ní bheidh de rogha ag do mhúinteoir agus ag údaráis na scoile ach an cúram seo a chur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.